Topaic 14: Ag déanamh socruithe

Feidhmeanna

San aonad seo foghlaimeoidh an rang conas:

14.1	~ ceist a chur ar dhuine an mbeidh sé/sí saor agus an cheist sin a fhreagairt
14.2	~ tagairt d'ócáidí sóisialta
14.3	~ ceist a chur ar dhuine cén uair a bheidh rud éigin ar siúl agus an cheist sin a fhreagairt
14.4	~ cuireadh a thabhairt do dhuine
14.5	~ glacadh le agus diúltú do chuireadh
14.6	~ leithscéal a ghabháil
14.7	~ am a shocrú
14.8	~ áit a shocrú
14.9	~ aontú leis an socrú nó an socrú a dheimhniú

An ghramadach

San aonad seo foghlaimeoidh an rang:

- An aimsir fháistineach den bhriathar (ceisteanna agus freagraí)**: *An mbeidh tú...? Beidh/Ní bheidh***

Stór focal:

San aonad seo foghlaimeoidh an rang:

Ócáidí sóisialta: ***cóisir, bainis/pósadh, breithlá, scannán, dráma, seisiún ceoil, ceolchoirm***
Míonna na bliana: ***Eanáir, Feabhra, Márta, Aibreán, Bealtaine, Meitheamh, Iúil, Lúnasa, Meán Fómhair, Deireadh Fómhair, Samhain, Nollaig***

Beidh an foghlaimeoir ábalta…

Labhairt	A fháil amach an bhfuil duine saor agus tagairt a dhéanamh do na príomhócáidí sóisialta. Cuireadh a thabhairt agus glacadh le cuireadh nó diúltú do chuireadh. Socruithe simplí a dhéanamh a bhaineann le ham agus le háit.
Cluastuiscint	Ceisteanna agus comhráite simplí a bhaineann le cuirí agus ócáidí sóisialta a thuiscint.
Léamhthuiscint	Cuirí an-simplí a thuiscint.
Scríbhneoireacht	Cuirí simplí a scríobh. Nóta an-simplí a scríobh ag glacadh le nó ag diúltú do chuireadh

© Of Má Nuad

14.1 Ceist a chur ar dhuine an mbeidh sé/sí saor agus an cheist sin a fhreagairt

(A) Mínigh agus múin an cheist seo a leanas:

An mbeidh tú saor Déardaoin?

(B) Múin na freagraí seo a leanas:

Beidh. Cén fáth?
Ní bheidh. Beidh mé ag obair.

- Mínigh dóibh go mbeidh siad ag baint úsáide as an Aimsir Fháistineach sa topaic seo.

An mbeidh tú? *Beidh* *Ní bheidh*

- Mínigh dóibh go gcuirtear urú ar an bhriathar i ndiaidh *An* go díreach mar a tharlaíonn le briathra san Aimsir Láithreach. Mar shampla, *An mbíonn tú? An ndéanann tú? An dtéann tú?*
- Mínigh go leanann séimhiú '*ní*' san aimsir fháistineach chomh maith *ní bheidh* agus go bhfeicfidh siad tuilleadh samplaí amach anseo.

14.2 Tagairt d'ócáidí éagsúla

(A) Mínigh agus múin na focail seo a leanas:

breithlá, cóisir, pósadh, bainis

(B) Ansin mínigh:

Beidh breithlá Eoin ann.
Beidh cóisir Bhríd ann.
Beidh bainis Shorcha ann.
Beidh cruinniú agam an lá sin.

- Déan cleachtadh ar an méid sin leo ar feadh cúpla bomaite.

(C) Ansin déan súil siar ar na focail seo a leanas:

scannán/dráma/ceolchoirm/seisiún ceoil

(D) Ansin múin:

© OÉ Má Nuad

Beidh mé ag dul…

(F) Fiafraigh den rang ansin, cén fáth a ndeirtear:

	go dtí	*an phictiúrlann/an teach tábhairne*
ach	*chuig*	*cóisir/scannán/bainis/scannán*

- Éist lena dtuairimí agus ansin mínigh go n-úsáidtear *chuig* de ghnáth nuair a bhíonn ócáid i gceist agus go n-úsáidtear *go dtí* de ghnáth uair a bhíonn áit nó foirgneamh i gceist.

- Abair na focail sa liosta thíos ceann i ndiaidh an chinn eile agus iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla sa rang *chuig* nó *go dtí an* a chur roimh gach ceann acu:

Sampla:	Múinteoir:	*an amharclann*
	Foghlaimeoir:	*go dtí an amharclann*

dráma, scannán, cluiche peile, an bhialann, an phictiúrlann, bainis, cruinniú, ceolchoirm, an t-óstán

14.3 Ceist a chur cén uair a bheas rud éigin ar siúl agus an cheist sin a fhreagairt

(A) Múin cibé leagan den cheist thíos atá coitianta sa cheantar ina bhfuil an rang:

Cén uair?
Cathain?

(B) Téigh siar ar laethanta na seachtaine arís agus ansin múin na nathanna ama seo dóibh:

amárach
san oíche amárach
Dé Sathairn seo chugainn ag a hocht
an deireadh seachtaine seo chugainn

(C) Múin míonna na bliana dóibh ag an phointe seo. Bíodh siad scríofa ar an chlár nó ar thréshoilseán agat roimh thús an ranga:

Eanáir	*Iúil*
Feabhra	*Lúnasa*
Márta	*Meán Fómhair*
Aibreán	*Deireadh Fómhair*
Bealtaine	*Samhain*
Meitheamh	*Nollaig*

© ÓÉ Má Nuad

- Déan cleachtadh ar na míonna go dtí go mbeidh siad ar eolas go maith acu.
- Seiceáil go bhfuil siad ar eolas acu trí uimhreacha a chur ar an chlár agus iarraidh orthu a rá cén mhí den bhliain a sheasann an uimhir di
  3 = Márta
  8 = Lúnasa

(D) Déan súil siar ar na horduimhreacha (1-10) leis an rang. Bíodh an méid seo thíos scríofa ar an chlár nó ar thréshoilseán agat roimh thús an ranga:

An chéad lá d'Eanáir	*An séú lá de Lúnasa*
An dara lá de Mhárta	*An seachtú lá de Mheán Fómhair*
An tríú lá de Bhealtaine	*An t-ochtú lá de Dheireadh Fómhair*
An ceathrú lá de Mheitheamh	*An naoú lá de Shamhain*
An cúigiú lá d'Iúil	*An deichiú lá de Nollaig*

- Mínigh dóibh go gcuireann *de* séimhiú ar an ainmfhocal a thagann ina dhiaidh agus gur *d'* a úsáidtear roimh ainmfhocal a thosaíonn le guta.
- Déan cleachtadh ar an méid seo trí dhátaí difriúla a scríobh ar an chlár agus iarraidh ar fhoghlaimeoirí éagsúla an dáta sin a rá os ard. Mar shampla:

4/5	*an ceathrú lá de Bhealtaine*
8/8	*an t-ochtú lá de Lúnasa*

(E) Gníomhaíocht: Cluastuiscint

- Tabhair **Bileog 14.3 (E): Ag déanamh socruithe**, do gach foghlaimeoir.
- Léigh na treoracha ag barr na bileoige leo. Cinntigh go dtuigeann siad go seasann na huimhreacha sa cholún ar dheis don lá agus don mhí. Mar shampla: 10/7 = *an deichiú lá d'Iúil*.
- Abair leo gan a bheith buartha mura dtuigeann siad gach rud le linn an chomhrá a chloisfidh siad ar an dlúthdhiosca.
- Tabhair seans dóibh éisteacht leis an mír roinnt uaireanta.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe déan an ghníomhaíocht a cheartú leis an rang go léir.

© OÉ Má Nuad

(F) Gníomhaíocht: Caint

- Bíodh cóipeanna déanta agat de **Bhileog 14.3 (F): Cén uair?** (cóip amháin do gach beirt sa rang. Mar shampla, má tá 12 sa rang, déan 6 chóip). Gearr na cártaí agus cuir na cinn le Ról A i gclúdaigh faoi leith agus na cinn le Ról B i gclúdaigh faoi leith. Scríobh Ról A nó Ról B ar gach clúdach.
- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag insint dá chéile faoi imeachtaí a mbeidh siad ag freastal orthu.
- Tabhair clúdach litreach le cártaí Ról A do dhuine amháin agus clúdach litreach le cártaí Ról B don duine eile.
- Déan an ghníomhaíocht a léiriú le beirt de na foghlaimeoirí. Mar shampla:

  Tógann Foghlaimeoir A cárta as an chlúdach:
  Foghlaimeoir A: *Beidh mé ag dul chuig cóisir*
  Foghlaimeoir B: *Cén uair?*
  Foghlaimeoir A: *An deireadh seachtaine seo chugainn*

  Ansin tógann Foghlaimeoir B cárta as an chlúdach agus deir sé/sí
  Foghlaimeoir B: *Beidh mé ag dul chuig bainis.*
  Foghlaimeoir A: *Cén uair?*
  Foghlaimeoir B: *Dé Sathairn seo chugainn*

- Leanann siad ar aghaidh mar sin go dtí go mbeidh an t-eolas ar na cártaí uilig tugtha acu.

14.4 Cuireadh a thabhairt do dhuine

(A) Múin na ceisteanna seo a leanas dóibh:

Ar mhaith leat dul liom?
Ar mhaith leat dul go dtí an phictiúrlann?

14.5 Glacadh le agus diúltú do chuireadh

(A) Mínigh agus múin na nathanna seo a leanas dóibh:

Ba bhreá liom. Go raibh maith agat.
Ba bhreá liom, ach beidh mé ag obair.
Ba bhreá liom ach ní bheidh mé saor.

© OÉ Má Nuad

- Chun na habairtí atá tú i ndiaidh a mhúineadh a chleachtadh, iarr ar gach duine smaoineamh ar dhá áit nó dhá ócáid ar mhaith leis/léi dul chucu agus ansin iarr ar gach foghlaimeoir siúl thart ar an rang agus cuireadh a thabhairt do bheirt dul leo chuig an áit sin. Mar shampla:

  Foghlaimeoir A: *Ar mhaith leat dul go dtí an phictiúrlann liom Dé Máirt?*
  Foghlaimeoir B: *Ba bhreá liom! Go raibh maith agat!*

(B) Gníomhaíocht: Cluastuiscint

- Tabhair **Bileog 14.6 (B): Cuireadh**, do na foghlaimeoirí agus léigh na treoracha ag barr na bileoige leo lena chinntiú go dtuigeann siad gach rud.
- Iarr orthu tic a chur chun a léiriú ar ghlac nó ar dhiúltaigh na daoine sna comhráite leis an chuireadh a fuair siad
- Lig dóibh éisteacht leis an dlúthdhiosca roinnt uaireanta más gá agus abair leo gan a bheith buartha mura dtuigeann siad gach rud.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht.

(C) Gníomhaíocht: Caint

- Déan go leor cóipeanna de **Bhileog 14.6 (C): An mbeidh tú saor?** le go mbeidh dialann amháin ann do gach foghlaimeoir.
- Tabhair cóip den dialann do gach foghlaimeoir agus abair leo gur seo dialann s'acu don tseachtain agus gur mhaith leo rudaí difriúla a dhéanamh gach lá. Caithfidh siad casadh le duine difriúil gach lá agus rud amháin a dhéanamh gach lá.
- Bíodh an méid seo a leanas scríofa ar an chlár nó ar thréshoilseán agat agus léigh tríd lena chinntiú go bhfuil na struchtúir i gceart ag na foghlaimeoirí:

  An mbeidh tú saor…? — *Beidh./Ní bheidh.*
  Ar mhaith leat dul chuig/go dtí… — *Ba bhreá liom, ach beidh mé ag dul go dtí an phictiúrlann le Seán.*

- Tabhair go leor ama do na foghlaimeoirí chun siúl timpeall agus labhairt le daoine eile sa rang chun na socruithe a dhéanamh agus a scríobh sa dialann.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, cuir ceist ar chúpla duine cur síos a thabhairt don chuid eile den rang faoi na socruithe atá déanta acu don tseachtain.
- Déan nóta d'aon bhotúin a dhéanfaidh siad agus déan iad a phlé leis an rang ar fad ag deireadh na gníomhaíochta.

© CF Má Nuad

14.6 Leithscéal a ghabháil

Múin an nath seo thíos dóibh. Múin an nath is coitianta sa cheantar ina bhfuil tú ag múineadh ach mínigh go ndeirtear an nath eile in áiteanna eile.

Tá brón orm./Tá mé buartha.

14.7 Am a shocrú

(A) Múin an cheist seo a leanas do na foghlaimeoirí.

Cén t-am a mbuailfimid le chéile?
nó
Cén t-am a gcasfaimid le chéile?

(B) Déan súil siar ar an am ag an phointe seo. Scríobh amanna difriúla ar an chlár agus iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla an t-am a rá. Mar shampla, 2.00, 12.00, 3.30, 7.30, 1.15, 9.15, 11.45…

(C) Scríobh amanna difriúla ar an chlár agus déan cleachtadh ar cheisteanna agus ar fhreagraí mar seo a leanas:

Cén t-am a mbuailfimid/gcasfaimid le chéile?
Ag a hocht a chlog.
Timpeall a sé nó mar sin.

(D) Gníomhaíocht: Cluastuiscint

- Tabhair **Bileog 14.7 (D): Socruithe**, do gach duine sa rang agus léigh na treoracha ag barr na bileoige leo.
- Cuir ar siúl na míreanna cúpla uair dóibh agus nuair a bheidh siad críochnaithe, lig dóibh a gcuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leo sula ndéanann tusa na freagraí a phlé leis an rang ar fad.
- Tabhair an deis do chúpla foghlaimeoir cur síos a dhéanamh ar na comhráite éagsúla. Mar shampla, Comhrá 1: *Beidh siad ag dul chuig dioscó Dé hAoine ag a haon déag.*

14.8 Áit a shocrú

© OE Má Nuad

(A) Múin an méid seo a leanas do na foghlaimeoirí:

Cén áit a mbuailfidh mé leat?
nó
Cén áit a gcasfaidh mé leat?

(B) Bíodh na freagraí seo a leanas scríofa ar an chlár nó ar thréshoilseán agat.

Taobh amuigh den phictiúrlann.	*Sa phictiúrlann.*
Taobh amuigh den chaife.	*Sa chaife.*
Taobh amuigh den bhialann.	*Sa bhialann.*
Taobh amuigh den teach tábhairne.	*Sa teach tábhairne.*
Taobh amuigh den óstán.	*San óstán.*

(C) Abair leis na foghlaimeoirí breathnú ar na samplaí seo agus cuir ceist orthu cad a tharlaíonn tar éis *den*? Déan cinnte go dtuigeann siad go leanann séimhiú *den* ach amháin nuair a thosaíonn an t-ainmfhocal le *d, n, t, l, s, r* nó guta.

(D) Iarr ar na foghlaimeoirí breathnú ar na samplaí thuas arís agus cur síos a dhéanamh duit ar cad a tharlaíonn tar éis *sa*? Éist lena dtuairimí agus déan cinnte go bhfuil an t-eolas seo a leanas acu: cuirtear séimhiú ar ainmfhocal tar éis *sa* ach amháin nuair a thosaíonn an t-ainmfhocal le *d, n, t, l, s* nó *r*. *San* a úsáidtear roimh ghuta.

(E) Gníomhaíocht: Léamhthuiscint

Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh sa rang nó a thabhairt dóibh mar obair bhaile.

- Tabhair **Bileog 14.8 (E): An freagra is fearr**, do na foghlaimeoirí.
- Cuir ag obair i mbeirteanna iad agus iarr orthu tic a chur leis an fhreagra is oiriúnaí do gach ceist.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin – iarr ar fhoghlaimeoir amháin an cheist a chur agus ar fhoghlaimeoir eile an freagra oiriúnach a thabhairt.

14.9 Aontú leis an socrú nó an socrú a dheimhniú

© OÉ Má Nuad

(A) Mínigh agus múin na nathanna seo don rang.

Ceart go leor.
Tá sin go breá.
Go hiontach.
Feicfidh/tcífidh mé thú Dé Sathairn mar sin.

(B) Gníomhaíocht: Léamhthuiscint agus cluastuiscint

- Tabhair cóip de **Bhileog 14.9 (B): Téacs ó Aoife**, do gach duine de na foghlaimeoirí.
- Mínigh dóibh gur chuir Aoife téacs chuig cúigear cairde ag tabhairt cuiridh dóibh rud éigin a dhéanamh. Mínigh gur chuir na cairde sin glaoch ar ais ar Aoife chun glacadh leis an chuireadh nó diúltú dó.
- Cuir ar siúl na comhráite ansin agus lig dóibh éisteacht leo roinnt uaireanta, más gá. Abair leo gan a bheith buartha mura dtuigeann siad gach focal.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leo ina dhiaidh sin. Ná déan ach na comhráite a mheaitseáil leis na téacsanna – tá an chéad ghníomhaíocht eile bunaithe ar an téipscript céanna – is féidir aon cheisteanna a bheidh ag foghlaimeoirí faoi na comhráite a mhíniú dóibh agus tú ag ceartú **Bileog 14.9 (C). Líon an tábla.**

(C) Gníomhaíocht: Cluastuiscint

- Tabhair cóip de **Bhileog 14.9 (C): Líon an tábla**, do gach duine de na foghlaimeoirí agus léigh na treoracha ag barr na bileoige lena chinntiú go dtuigeann siad gach rud.
- Cuir ar siúl na comhráite roinnt uaireanta agus tabhair seans dóibh na bearnaí a líonadh sa tábla.
- Cuir ceist ar chuid de na foghlaimeoirí na freagraí a sholáthar.
  Déan aon deacrachtaí a thagann chun cinn le linn na gníomhaíochta a phlé leis an rang ar fad.

(D) Gníomhaíocht: Foghraíocht

- Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag déanamh cleachtadh foghraíochta agus gur mhaith leat go ndíreodh siad ar na difríochtaí idir na fuaimeanna

  ea agus *éa* agus *eá*

© OÉ Má Nuad

- Scríobh an méid seo a leanas ar an chlár nó ar thréshoilseán:

1. sealadach
2. deas
3 níos measa
4. sean
5. séan
6. Seán
7. bean
8. scéal
9. fear
10. breá

- Iarr orthu éisteacht go cúramach leis na difríochtaí idir na fuaimeanna seo agus tusa ag rá na bhfocal nó ag éisteacht leo ar an dlúthdhiosca (Cuid A).
- Iarr orthu ansin na focail thuas a rá i do dhiaidh.
- Abair leo go gcloisfidh siad abairtí ina bhfuil na fuaimeanna sin iontu. Is féidir leat féin na habairtí a rá nó iad a sheinm ar an dlúthdhiosca (Cuid B). Bíodh na habairtí le feiceáil ag na foghlaimeoirí ar an chlár nó ar thréshoilseán.

1. *Is post sealadach é.*
2. *Tá an geansaí sin deas.*
3. *Mothaím níos measa inniu.*
4. *Is seanteach é.*
5. *Ar mhaith leat dul ag snámh?*
6. *Is fear cliste é.*
7. *Is bean chairdiúil í.*
8. *Sin scéal maith.*
9. *Tá Séan tinn.*
10. *Is breá liom an bia anseo.*

- Tabhair an deis do na foghlaimeoirí gach abairt thuas a rá i do dhiaidh nó i ndiaidh dóibh an abairt a chloisteáil ar an dlúthdhiosca.
- Ansin, iarr ar roinnt foghlaimeoirí na habairtí a rá os ard.
- Éist leo agus déan cibé ceartúchán nó athchleachtadh is gá sula gcuirfidh tú deireadh leis an ghníomhaíocht sin.

© OE Má Nuad

(E) Gníomhaíocht: Scríbhneoireacht

Is féidir an ghníomhaíocht seo a thabhairt dóibh mar obair bhaile nó a dhéanamh sa rang.

- Tabhair cóip de **Bhileog 14.9 (E): Tá brón orm!,** do gach foghlaimeoir agus léigh na treoracha ag barr na bileoige dóibh.
- Mínigh dóibh gur seo ríomhphost a scríobh Caitríona chuig a cara Peadar.
- Cuir ag obair i mbeirteanna iad agus iarr orthu iarracht a dhéanamh focal oiriúnach a chur i ngach bearna.
- Abair leo gan a bheith buartha mura dtuigeann siad gach rud sa téacs. Is féidir leo buille faoi thuairim a thabhairt faoin chiall atá le rudaí a bhfuil deacrachtaí acu leo.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, ceartaigh an ghníomhaíocht. Iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla abairt nó dhó a léamh agus focal oiriúnach a chur sna bearnaí.

© OÉ Má Nuad